www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2015**

Centre Number

Candidate Number

# Irish

Assessment Unit AS 2
(Sections B and C)
*assessing*
Reading and Extended Writing

AI122

**[AI122]**

**WEDNESDAY 3 JUNE, AFTERNOON**

## TIME

2 hours 5 minutes.
Candidates are advised to spend 1 hour and 5 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

## INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question.

## INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an insert for use with Questions **1** and **2** of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| B1 | |
| B2 | |
| B3 | |
| C1/C2 | |
| **Total Marks** | |

www.xtrapapers.com

BLANK PAGE

www.xtrapapers.com

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**1** **Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanas.**
**(See Insert.)**

**Aimsigh san alt focal/frása atá ar comhchiall le gach ceann acu seo:**

**(a)** bomaite

_______________________________________________ [1]

**(b)** dóigh

_______________________________________________ [1]

**(c)** an iomarca

_______________________________________________ [1]

**(d)** dainséar

_______________________________________________ [1]

**(e)** in amanna

_______________________________________________ [1]

**Marks for AO2 [5]**

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**2 Freagair as Gaeilge na ceisteanna a leanas.
Cuirtear i gcuimhne don iarrthóir go bhfuil sé ceadmhach focail aonair agus frásaí a úsáid as an téacs. Ní mholtar freagraí a bhaint focal ar fhocal as an téacs. (See Insert.)**

**(a)** Cá háit a bhfacthas an póstaer atá luaite ag tús an phíosa?

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(b)** Cén grúpa ar a bhfuil an "Lá Scléipe" dírithe?

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Cad é a tharlaíonn do pháistí nach bhfuil caighdeán ard go leor acu nuair a chuirtear foireann ar an pháirc imeartha?

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(d)** In áit bheith ag imirt spóirt ag an chlub spóirt cad é mar a bheadh na páistí níos fearr as, de réir an údair sa cheathrú paragraf?

______________________________

______________________________ [2]

**(e)** Ainmnigh gné amháin de shaol cultúrtha an pháiste atá luaite san alt a bhíonn iomaíoch go minic.

______________________________ [1]

**(f)** Cad é a rinne an gasúr nuair nach bhfuair sé áit ar an fhoireann?

______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(g)** Cad é mar is féidir linn páistí a spreagadh le níos mó spóirt a dhéanamh, de réir an údair?

____________________________________________________

__________________________________________________ [2]

**Marks for AO2 [15]**

**Marks for AO3 [10]**

**Total marks [25]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**3 Aistrigh go Béarla**

**Giro D'Italia**

Sa bhliain 1987, bhain Stiofán de Róiste as Baile Átha Cliath an Tour de France. Ba é an chéad Éireannach a bhain an Tour riamh é.

Bhí iontas an domhain ar mhuintir na Fraince gur bhain de Róiste mar níor shíl siad riamh go gcaithfeadh Éireannach geansaí buí an bhuaiteora ag deireadh an rása.

Seoladh Tour de France na bliana 1998 in Éirinn. Go cinnte, is iomaí uair ó shin a thosaigh an rás i dtír eile seachas an Fhrainc.

Nuair a craoladh pictiúir theilifíse de na sluaite a d'fhreastail ar an rás in Éirinn, bhí sé soiléir go raibh an-spéis ag na hÉireannaigh sa rothaíocht.

Sin é an fáth, is dócha, ar reáchtáladh trí bhabhta de chraobh rothaíochta na hIodáile, an Giro D'Italia, anseo sa bhliain 2014.

Tháinig cuid de na daoine is aclaí agus is láidre ar domhan anseo le dul in iomaíocht le chéile ar bhóithre na hÉireann. Ar an drochuair, níor thug siad aimsir na hIodáile leo!

*Source: Examiner*

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Marks for AO2 [20]

www.xtrapapers.com

## Section C: Extended Writing

**Freagair i nGaeilge (1) nó (2). Scríobh 200–250 focal.**

**1 Young People in Society**

**Léigh an t-alt**

**Áit an reiligiúin i saol an duine óig**

"Tá na heaglaisí in Éirinn in ísle brí – go háirithe i measc daoine óga. De réir tuairisce a foilsíodh le déanaí, ní théann ach 10% de dhaoine óga chuig seirbhís eaglasta go seachtainiúil, i gcomparáid le 75% sa bhliain 1995.

Tá cuid mhór daoine den bharúil go luíonn an fhadhb leis an tsochaí ina bhfuil muid inár gcónaí. Níl le déanamh ach amharc ar na rudaí is tábhachtaí a bhíonn ag daoine ina saol – airgead, faisean, spórt, mar shampla. Ní bhíonn an t-am ag daoine óga don reiligiún, ná an tsuim acu sa saol spioradálta."

**Scríobh aiste a léireoidh do bharúil ar an alt thuas. Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- an áit a bhí ag an reiligiún i saol an duine óig in Éirinn blianta ó shin
- na fáthanna a bhfuil athrú ann sa lá atá inniu ann
- do thaithí féin ar an reiligiún.

**NÓ**

**2 Health and Lifestyle**

**Léigh an t-alt**

**An t-alcól agus an t-aos óg**

"Níor chóir an locht a chur ar dhaoine óga maidir le fadhb mhí-úsáid an alcóil.

Féach an tús áite a thugtar don alcól in urraíocht spóirt agus ar fhógraí teilifíse. Féach an áit lárnach a bhíonn ag an bheoir agus ag an fhíon in ollmhargaí móra agus an praghas speisialta a bhíonn ar an alcól sna siopaí seo le daoine a mhealladh isteach. Féach an áit a bhíonn ag an alcól i ngach ceiliúradh a bhíonn againn – lá breithe, bainis, oíche na gcearc, mar shampla.

"Tá sé thar am don tsochaí tabhairt faoin fhadhb seo i ndáiríre."

**Scríobh aiste a léireoidh do bharúil ar an alt thuas. Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- an áit a luíonn an fhreagracht leis an mhí-úsáid alcóil
- an tionchar a bhíonn ag praghas íseal an alcóil ar an mhí-úsáid alcóil
- na rudaí ba chóir a dhéanamh le fadhb mhí-úsáid an alcóil a laghdú.

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 [20]**

**Marks for AO3 [30]**

**Total marks for Extended Writing [50]**

www.xtrapapers.com

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

www.xtrapapers.com

**For use with Questions 1 and 2 of Section B**

**An t-aos óg agus cúrsaí spóirt**

LÁ SCLÉIPE!
Dé Sathairn

Is iad sin na focail a bhí ar phóstaer a bhí in airde taobh amuigh de chlub spóirt do dhaoine óga i mo cheantar. Feictear a leithéid go minic.

Nach iontach go mbeadh ‘‘Lá Scléipe’’ acu? Ach, fan nóiméad. Páistí ó chúig bliana d’aois ar aghaidh atá i gceist. Nár chóir go mbeadh gach lá ina ‘‘lá scléipe’’ acu?

An maith an rud é an bealach a bhfuil cúrsaí ag dul maidir le spórt agus an t-aos óg? Nach féidir go bhfuil barraíocht béime ar iomaíocht? Is mion minic a thosaíonn páistí óga a imirt spóirt agus iad an-tógtha leis. Ansin, go tobann, bíonn foireann i gceist agus mura bhfuil caighdeán ard go leor ag an pháiste, fágtar é nó í ar an taobhlíne ag amharc ar an chuid eile ag imirt.

An bhfuil maitheas ar bith ansin? Nach mbeadh siad níos fearr as agus iad ag rith timpeall an ghairdín? Tarlaíonn an rud céanna i ngnéithe eile de shaol na bpáistí agus tuigeann siad go bhfuil sé ann. Is minic a bhíonn díomá ar ghasúir agus ar ghirseacha nuair nach féidir leo a n-áit a chinntiú sa chór, sa dráma nó sa bhanna ceoil.

Bhí gasúr amháin ann a bhíodh ag traenáil go rialta sa chumann peile ach níor cuireadh ar an fhoireann é. D’éirigh an gasúr as an pheil go hiomlán ina dhiaidh sin. Is cinnte nár shárimreoir é ach smaoinigh ar an dochar a rinneadh don ghasúr sin. Cén fáth ar tharla sé? Mar bhí an baol ann go gcaillfeadh siad an cluiche dá mbeadh sé ag imirt. Mo náire iad! Uaireanta is léir gurb iad na daoine ‘‘fásta’’ a bhíonn ag imirt ón taobhlíne agus gurb é an rud is tábhachtaí ar fad ná an bua a fháil.

Nach mbeidh seans níos fearr againn grá don spórt a chothú i bpáistí má chuirimid an bhéim ar an spórt mar spraoi? Is dócha go mbeadh saol níos sláintiúla ann dá mbeadh níos mó daoine ag snámh, ag rothaíocht, ag sléibhteoireacht nó ag siúl fiú. Ba cheart i bhfad níos lú brú agus níos lú iomaíochta a bheith i gceist fosta, ionas go mbeadh gach lá ina ‘‘Lá Scléipe’’.

*© Lá Scléipe! Dé Sathairn from the book Tuairimí by Honor Mhich Ghiolla Chlaoin. Permission from Cló Iar-Chonnacht.*